



Foras na Gaeilge

Plean Gnó 2021

Athbheithnithe Mí Iúil 2021

Clár

Réamhrá an Phríomhfheidhmeannaigh **3**

Cúlra **4**

Athbhreithniú Feidhmíochta **8**

Príomhréimsí, Cuspóirí agus Torthaí Inmhianaithe

Úsáid laethúil na Gaeilge a bhuanú agus a mhéadú **10**

Foghlaim agus daingniú na Gaeilge a neartú **15**

Fónamh do leas na Gaeilge sa tsochaí trí chéile trí mheán an tionchair agus na comhairle **19**

Tuiscint agus feasacht ar an nGaeilge a mhéadú i measc an phobail i gcéin agus i gcóngar **22**

Seirbhísí corparáideacha a chur ar fáil d'Fhoras na Gaeilge a chinnteoidh feidhmiú éifeachtach na heagraíochta agus cur i gcrích éifeachtach a cláir oibre **26**

Eolas Airgeadais **28**

Réamhrá an Phríomhfheidhmeannaigh

Nóta faoi chomhthéacs an dréachta leasaithe seo

Tá an dréacht eatramhach seo de Phlean Gnó Fhoras na Gaeilge don bhliain 2021 le cur faoi bhráid na Ranna Coimircíochta mar ullmhúchán do chruinniú den Chomhairle Aireachta Thuaidh / Theas ar an 18 Meitheamh 2021. .Is leagan leasaithe é den leagan a cuireadh faoi bhráid an chruinnithe den Chomhairle Aireachta Thuaidh / Theas ar an 5 Bealtaine 2021 agus cuimsíonn sé an obair bhreise a dhéanfar mar thoradh ar an maoiniú breise a ceadaíodh san idirlinn ag na Ranna Coimircíochta agus na Ranna Airgeadais sa dá dhlínse. Ar mhaithe na soiléireachta tá na míreanna oibre breise léirithe le haibhsiú **mar seo** sa leagan seo den phlean gnó.

Beidh de bhua ag an ardú bonnlíne ar bhuiséad Fhoras na Gaeilge go mbeidh dea-thionchar aige san fhadtéarma ar phobail sa dá dhlínse ina bhfuil an teanga á forbairt. Cuirfidh an maoiniú breise ar chumas Fhoras na Gaeilge cur chuige startéiseach, fadtéarmach a ghlacadh atá ag teacht le prionsabail na planála teanga, le cur lenár soláthar go háirithe i measc daoine óga i bpobail a bhfuil roinnt acu i gceantair faoi mhíbhuntáiste. Cuirfear ar ár gcumas ár raon leathan scéimeanna a thacaíonn leis an bpobal a leathnu tuilleadh, Scéimeanna Imeachaí Óige agus Champaí Samhraidh ina measc agus Scéim Pobal Gaeilge. Anuas air sin, beidh Foras na Gaeilge ábalta anois comhpháirtíochtaí a fhorbairt le raon grúpaí pobalbhunaithe.

Chomh maith leis na tionchair fadtéarmacha, cuirfidh an maoiniú breise in 2021 ar chumas Fhoras na Gaeilge cur go sonrach lena thacaíocht le litearthacht Gaeilge a spreagadh i measc leanaí sa chóras gaelscolaíochta sa dá dhlínse, agus le léitheoireachta na Gaeilge a chur chun cinn i measc leanaí i ngaelscoileanna agus i scoileanna nach í an Ghaeilge an meán teagaisc, scoileanna Gaeltachta san áireamh.

Cé nach léir d'éinne cén tionchar go díreach a imreoidh COVID-19 ar ár gcuid gníomhaíochtaí nó ar ghníomhaíochtaí ár gcuid deontaithe agus páirtithe leasmhara in 2021 tá iarracht déanta, a oiread agus is féidir, anseo impleachtaí na haicide a chur san áireamh agus déantar tagairt dó seo go sonrach sa mhír den Phlean a dtugtar Cúlra uirthi.

Seán Ó Coinn
Príomhfheidhmeannach
Foras na Gaeilge

Cúlra

Is é Foras na Gaeilge an ghníomhaireacht Ghaeilge agus is é Gníomhaireacht na hUltaise an ghníomhaireacht Ultaise a chomhdhéanann le chéile An Foras Teanga. Tá an Foras Teanga ar cheann de na comhlachtaí forfheidhmithe a bunaíodh faoin Acht um Chomhaontú na Breataine-na hÉireann, 1999 agus *The North/South (Co-operation) (Northern Ireland) Order* 1999. Is iad seo a leanas na feidhmeanna reachtúla atá sannta d'Fhoras na Gaeilge:

- an Ghaeilge a chur chun cinn;
- úsáid na Gaeilge a éascú agus a spreagadh sa chaint agus i scríbhinn, sa saol poiblí agus sa saol príobháideach sa Deisceart, agus i gcomhthéacs Chuid III den Chairt Eorpach do Theangacha Réigiúnacha nó Mionlaigh, i dTuaisceart Éireann mar a mbeidh éileamh cuí ann;
- comhairle a thabhairt don dá lucht riaracháin, do chomhlachtaí poiblí agus do ghrúpaí eile san earnáil phríobháideach agus dheonach;
- dtionscadal tacaíochta a ghabháil de lámh, agus cúnamh deontais a thabhairt do chomhlachtaí agus do ghrúpaí, de réir mar a mheastar is gá;
- ttaighde, feachtais tionscnaimh , agus caidreamh poiblí agus caidreamh leis na meáin, a ghabháil de lámh ;
- téarmaíocht agus foclóirí a fhorbairt;
- tacú le hoideachas trí mheán na Gaeilge agus le múineadh na Gaeilge.

Tá Foras na Gaeilge freagrach don Chomhairle Aireachta Thuaidh/Theas (as seo amach CATT) agus go háirithe don aire ar an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán (as seo amach RTCEGSM) i ndlínse Rialtas na hÉireann agus don aire ar an Roinn Pobal (as seo amach RP) i ndlínse an Fheidhmeannais.

Ráiteas misin Fhoras na Gaeilge

Úsáid na Gaeilge sa saol laethúil a mhéadú agus a normalú agus saíocht na Gaeilge a roinnt leis an saol.

Ráiteas físe Fhoras na Gaeilge

An Ghaeilge a bheith neadaithe agus normalaithe i measc an mhórphobail ar fud an oileáin agus feasacht ar shaíocht na Gaeilge a chur chun cinn.

Comhthéacs dlíthiúil agus polasaí

Sainmhíonn Bunreacht na hÉireann, polasaí rialtais, forálacha agus breitheanna dlí agus tionscnaimh agus cleachtais a nglactar leo chun an teanga a chur chun cinn, go háirithe Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003, Acht na Gaeltachta 2012, An tAcht um Chomhaontú na Breataine-na hÉireann 1999, Ráiteas an Rialtais i leith na Gaeilge 2006, agus Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge 2010-2030 comhthéacs na teanga. in Éirinn. Tá Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 faoi athbhreithniú faoi láthair. Foilsíodh tuarascáil faoin bpróiseas athbhreithnithe ar an acht i mí Aibreáin 2014 agus foilsíodh dréachtchinn an bhille nua ó shin. Tá gealltanais tugtha maidir le stádas oifigiúil na Gaeilge ag rialtas na Ríochta Aontaithe i leith na codach sin de Chomhaontú Bhéal Feirste/Aoine an Chéasta a bhaineann le cearta, cosaintí agus comhionannas deiseanna, an reachtaíocht chuí agus an Chairt Eorpach um Theangacha Réigiúnacha nó Mionlaigh. Tá, gan dabht, reachtaíocht bhunaidh ann: *The North/South Co-operation (Implementation Bodies) (Northern Ireland) Order* 1999. Foilsíodh Dréacht-Straitéis le Forbairt na Gaeilge a Fheabhsú agus Chosaint agus eagraíodh próiseas comhairliúcháin in 2013. Tháinig deireadh le próiseas comhairliúcháin faoi bhille Gaeilge i mí Bealtaine 2015. Ó athbhunaíodh an Tionól i mí Eanáir 2020 go háirithe tá ullmhúcháin á ndéanamh le reachtaíocht a socrú le forbairt na Gaeilge a fheabhsú agus a chosaint.

Tá na cuspóirí sa phlean gnó seo agus na torthaí a thiocfaidh astu ceangailte go dlúth leis na tionscnaimh pholasaí reatha teanga atá luaite sa dá dhlínse agus leasófar an plan dá réir i bhfianaise eolas breise fúthusan nó leasuithe orthu. Maidir leis an Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge 2010-2030, Acht na Gaeltachta, 2012 an Straitéis le Forbairt na Gaeilge a Fheabhsú agus a Chosaint, tá Foras na Gaeilge tiomanta a bheith ag plé leis na cúraimí atá air ag eascairt uathusan ar fad. Ní foláir, chomh maith, go bhféadfadh impleachtaí praiticiúla a bheith ann de bharr an athbhreithnithe ar Acht na dTeangacha 2003 i ndlínse Rialtas na hÉireann agus de bharr aon reachtaíochta eile Gaeilge i ndlínse an Fheidhmeannais.

Fordhearcadh COVID-19

Cé go gcaithfeadh aon ráiteas faoi fhordearcadh COVID-19 a bheith teoranta do leibhéal ard, beidh freagairt Fhoras na Gaeilge ag teacht le comhairle sláinte na Rialtas sa dá dhlínse agus beidh aird freisin ar mheasúnú tiocair ar eochairscéimeanna de chuid na heagraíochta a chuirfeadh faoi bhráid an Bhoird go tréimhsiúil d'fhonn an oiread solúbthachta oibríochtúla a chinntiú.

Déanfaidh Foras na Gaeilge monatóireacht leanúnach ó cheann ceann na bliana ar thionchar shrianta COVID-19 ar ár gcuid gníomhaíochtaí. D'éirigh go maith le plan leanúnachais gnó na heagraíochta chun feidhmiú gan chur isteach a chinntiú nuair a sainordaidh an chianobair ach aithnímid freisin go bhféadfadh na dúshláin a bhainfeadh le filleadh ar an láthair oibre a bheith níos achrannaí fós.

I dtéarmaí leathana, ba choir go méadódh maolú na srianta ar bhonn céimnitheach agus/nó ócáidiúil an deis le hócáidí agus imeachtaí a eagrú, ó thaobh lín agus formáide de (i.e. iad a reáchtáil ar an nós traidisiúnta ‘i bpearsan’ seachas ar line). Bíonn na himeachtaí, gníomhaíochtaí agus idirghníomhaíochtaí sóisialta seo ina ndlúthchuid de chur chun cinn na Gaeilge. Nuair a bheidh pleananna á ndrúchtadh agus á n-athbhreithniú i gcaitheamh na bliana cuirfear sa mheá idir phróifíl lucht freastail agus phróifíl na ngíomhaíochtaí i dtaca le dul chun cinn na gcláracha vacsaínithe.

Plean Gnó 2021 i bhfianaise Plean Gnó 2020 agus Plean Corparáideach 2020-2022

Eagras é Foras na Gaeilge a bhfuil dualgais reachtúla air, agus déantar athbhreithniú dá réir sin ar bhonn rialta ar a struchtúr eagraíochtúil lena dheimhniú go bhfuil sé in oiriúint dóibh siúd agus don timpeallacht oibríochtúil i gcoitinne. Rinneadh dul chun cinn leanúnach le linn thréimhse Phlean Chorparáideach 2017-2019 maidir le feidhmiú na struchtúr nua a bhaineann leis na Ceanneagraíochtaí. Agus bonn seasta faoi sin, leanadh den fheidhmiú reatha, den athbhreithniú agus den phleanáil ar bhonn níos fadtéarmaí do thodhchaí na struchtúr sin agus do thodhchaí struchtúr Fhoras na Gaeilge féin. Le linn 2017-2019 forbraíodh agus rinneadh comhairliúchán poiblí ar *Treo Straitéiseach* a chlúdódh an chéad chúig bliana eile agus d’fhéadfadh sin a bheith ina chabhair le cúinsí Covid-19, forbairtí an Bhreathimeachta agus impleachtaí na gClár Rialtais sa dá dhínse, *Ráiteas Straitéise* RTCEGSM agus straitéis 5-bliana na RP, *Building Inclusive Communities*, a shruthú i gcóras pleanála na heagraíochta. Tá Plean Corparáideach 2020-2022 le faomhadh go fóill agus an dréacht seo á scríobh ach tá an obair atá sonraithe anseo ag teacht leis agus ag teacht le héirim an *Treo Straitéiseach* freisin.

Is é atá sa phlean gnó seo cur síos ar na torthaí atá Foras na Gaeilge ag iarraidh a bhaint amach sa bhliain 2021 de réir na mórchuspóirí atá luaite i nDréachtphlean Corparáideach 2020-2022. Measúnófar an dul chun cinn maidir le feidhmiú an phlean i rith na bliana féachaint an bhfuil sé ábhartha, réalaíoch agus indéanta i gcónaí agus déanfar é a thomhas de réir spriocanna. Pointe tábhachtach ó thaobh pleanála teanga de: toisc go gcláraítear míreanna oibre agus torthaí inmhianaithe faoi cheann amháin de na mórchuspóirí pleanála teanga, ní hionann sin agus a rá nach n-imríonn siad tionchar ar mhórchuspóir nó ar mhórchuspóirí eile. Mar shampla, d’fhéadfadh drámaíocht na Gaeilge, nó forbairt na nuathéarmaíochta ról a imirt i dtaca le ‘hÚsáid’ nó ‘Foghlaim’. Chun athrá a sheachaint, ní chláraítear míreanna níos mó ná uair amháin.

Monatóireacht, luacháil agus tuairisciú agus ailíniniú le Clár Rialtais

Tá socruithe sainiúla ann maidir le monatóireacht, luacháil agus tuairisciú ar an bPlean Gnó atá aontaithe leis na Ranna Coimircíocht. Síníonn na páirtithe ábhartha Comhaontú Seirbhíse foirmiúil gach bliain a thagraíonn go sonrach don Phlean Gnó bliantúil. Anuas ar na cruinnithe CATT eagraítear sraith de chruinnithe monatóireachta gach bliain ina gcuirtear tuairiscí foirmiúla ar fáil ar an dul chun cinn ar an bPlean Gnó. Bíonn teagmháil rialta idir Foras na Gaeilge agus na Ranna Coimircíochta faoi ghnéithe praiticiúla dá mbíonn sa Phlean Gnó.

Sa tslí seo deimhnítear go bhfuil an Plean Gnó ailínithe le Clár an Rialtais sa dá dhlínse agus beidh na himpleachtaí ag eascairt ó agus na socruithe maidir le Covid-19 san áireamh ansin. Tuairiscítear go foirmiúil uaireanta faoi dul chun cinn ar ghnéithe ar leith den obair – tuairiscítear faoi dhul chun cinn ar mhíreanna de *Straitéis Fiche Bliain na Gaeilge 2010-2030*, mar shampla – agus freagraítear ceisteanna Dála agus Tionóil ar éileamh. Bíonn Foras na Gaeilge ar fáil do Choistí Dála agus Tionóil i gcónaí freisin le tuairisc a thabhairt dóibh ar obair na heagraíochta.

Maoiniú

Aon áit a dtagraítear sa phlean seo do mhaoiniú a chur ar fáil do dhaoine aonair, do ghrúpaí nó d'eagrais, is faoi réir critéar réamhshocráithe agus/nó pleananna gnó, más cuí, a dhéanfar é sin.

Athbhreithniú Feidhmíochta

Tá an t-athbhreithniú feidhmíochta gairid seo ar Phlean Gnó Fhoras na Gaeilge don bhliain 2020 á ullmhú i gcomhthéacs na struchtúr tuairiscithe agus monatóireachta a bhí in úsáid ar bhonn leanúnach le linn na trémhse, mar atá:

- gur chuir Foras na Gaeilge dréacht dá Phlean Gnó bliantúil faoi bhráid na n-údarás cuí gach bliain;
- gur síníodh comhaontú seirbhíse gach bliain mar chomhaontú foirmiúil idir Foras na Gaeilge agus na Ranna Coimircíocha faoi obair na bliana sin;
- go n-eagraítear cruinnithe monatóireachta rialta (in aghaidh na ráithe, de ghnáth) ina gcuireann Foras na Gaeilge síos go foirmiúil (i bhfoirm cáipéisíochta de réir múnlaí comhaonaithe) ar dhul chun cinn ar pleananna oibre agus ar shaincheisteanna ábhartha eile de réir is a thiocfadh a leithéid chun cinn;
- go n-eagraítear cruinnithe rialta den Chomhairle Aireachta Thuaidh / Theas (má tá sin indéanta), ina gcuirtear tuairisc ar fáil ar dhul chun cinn ar obair na heagraíochta; agus
- go mbíonn teagmháil agus cumarsáid rialta idir Foras na Gaeilge agus na Ranna Coimircíochta.

In ainneoin gur bhliain eisceachtúil gan aon amhras a bhí in 2020 de dheasca COVID-19 d'éirigh le Foras na Gaeilge a chuid morchuspóirí straitéiseacha a chur i gcrích cé gur leasaíodh gnéithe den fheidhmiú – inár gcás féin, i gcás na gCeanneagraíochtaí agus deontaithe agus eile ar oibríomar leo – chun cloí le treoirínte sláinte sa dá dhlínse. Bhí seoladh an leagain chlóite de thionscadal suaitheanta Fhoras na Gaeilge an Foclóir Béarla-Gaeilge mar phríomhbhuaic na bliana. Is ar line ba ghá an seoladh a dhéanamh agus ba é Uachtarán na hÉireann, Mícheál D. Ó hUiginn a rinne é agus luaigh sé gurb é an chéad mhórfhoclóir Béarla-Gaeilge le seasca bliain.

Is i réimse an phobail a rinne Foras na Gaeilge an infheistíocht is mó in 2020. Rinneadh timpeall €8.5 milliún d'infheistíocht shuntasach sa phobal (€1 as gach €2 de bhuiséad Fhoras na Gaeilge) trí na sé Ceanneagraíocht Ghaeilge, Scéim Pobal Gaeilge, chomh maith le scéimeanna óige, oideachais, agus ealaíon.

I réimse na foclóireachta agus na téarmaíochta, seachas seoladh an fhoclóra chlóite atá luaite cheana, tháinig méadú ar líon úsáideoirí shuíomhanna Fhoras na Gaeilge: 2.4 milliún úsáideoir ar focloir.ie (ardú 13% ó 2019), 2.4 milliún úsáideoir ar teaglann.ie (ardú 26% ó 2019) agus 560,000 úsáideoir ar tearma.ie (ardú 17% ó 2019)

I réimse na pleanála teanga, ceadaíodh pleananna do chúig líonra agus do bhaile seirbhíse Gaeltachta amháin ar fud an oileáin le haghaidh na seacht mbliana amach romhainn.

D'fhoilsigh an dá fhoilsitheoir déag Gaeilge a fhaigheann tacaíocht trí Scéim na Foilsitheoireachta dhá leabhar agus seachtó in 2020. Tháinig ardú 5.3% ar dhíolachán leabhar Áis i gcomparáid le 2019 agus dáileadh 200,000 leabhar ar níos mó ná 250 siopa leabhar ar fud an oileáin agus thar lear.

Léiríonn 21.6 milliún imprisean go ndeachaigh feachtas trasardáin #LeChéile gur aimsíodh deis trí thiochar COVID-19 le scéal na Gaeilge a roinnt go fairsing ar an bpobal ar líne. Tháinig méadú 468% ar líon na radharc ar chuntais an Fhoras na Gaeilge mar thoradh ar an bhfeachtas a thacaigh leis an bpobal Gaeilge a úsáid sa bhaile le linn na dianghlása. Bunaíodh léitheoirí.ie i bpáirt le *Comhar* le pobal léitheoireachta na Gaeilge a chothú agus a fhorbairt.

Príomhréimsí, Cuspóirí agus Torthaí Inmhianaithe

MÓRCHUSPÓIR CORPARÁIDEACH 1: úsáid laethúil na Gaeilge a bhuanú agus a mhéadú	
Eochairchuspóirí	Torthaí Inmhianaithe
1.1 Deiseanna úsáide a chruthú le pobail labhartha Gaeilge, pobail na Gaeltachta san áireamh, a chumasú le húsáid a bhaint as an nGaeilge, léitheoireacht na Gaeilge ina measc.	Deiseanna úsáidte a chur ar fáil trí na scéimeanna seo a leanas:
	1.1.1 Scéim na bhFéilte 2021 R1 – R4.
	1.1.2 Scéim na Mór-Imeachtaí Ealaíon 2021 R1 – R4 & Scéim na gCompántas Drámaíochta Proifisiúnta agus Amaitéarach 2021 R1 – R4.
	1.1.3 Scéim na nImeachtaí Óige R1 – R4 Deiseanna úsáide Gaeilge a chur ar fáil do 3,000 duine óg trí sheachtó tionscadal a mhaoiniú – líon ag brath ar bhuiséad – R4.
	1.1.4 Scéim na gCampáí Samhraidh R1 – R4 Deiseanna foghlamtha a chur ar fáil do 3,000 duine óg trí sheasca campa samhraidh a mhaoiniú – líon ag brath ar bhuiséad – R3.
	1.1.5 Dáileachán Leabhar Seirbhís dáileacháin a chinntiú trí 95% d'orduithe a chomhlíonadh taobh istigh de thrí lá (agus 99% laistigh de dheich lá) R1 – R4 • Dáileachán leabhar ginearálta a chinntiú tríd an líonra de 265 shiopa leabhar atá ag Áis R1-R4

	<ul style="list-style-type: none"> • Forbairt bhreise a dhéanamh ar sheirbhísí Áis trí: <ol style="list-style-type: none"> 1. Athbhreithniú a dhéanamh ar córais orduithe Áis 2. Córas íocaíochtaí ó chustaiméir a dhéanamh níos simplí 3. Cur le líon na gcomhpháirtithe miondíola R1-R4 4. Tionscadal le hábhar margaíochta a fhorbairt le cur le líon na siopaí a dhíolann leabhair Ghaeilge, dírithe go príomha ar Bhailte Seirbhíse Gaeiltachta, agus Líonraí. 5. Díolacháin 2021 a ardú go dtí leibhéal 2019 (Roimh COVID-19) <p>1.1.6 Riar a dhéanamh ar scéim le haird an phobail a tharraingt ar leabhair Ghaeilge agus léitheoireacht i nGaeilge – an Scéim Tacaíochta Margaíochta d’earnáil na Foilsitheoireachta R1 – R4.</p>
<p>(AR LEAN)</p> <p>1.1 Deiseanna úsáide a chruthú le pobail labhartha Gaeilge, pobail na Gaeltachta san áireamh, a chumasú le húsáid a bhaint as an nGaeilge, léitheoireacht na Gaeilge ina measc.</p>	<p>1.1.7 Glór na nGael, Oireachtas na Gaeilge, Cumann na bhFiann agus eile</p> <p>Glór na nGael</p> <p>A dheimhniú go soláthraítear deiseanna úsáidte agus forbartha na Gaeilge i réimse an phobail trí na tosaíochtaí seo a leanas a aontú le Glór na nGael: R1 – R4.</p> <p>Comhairle, tacaíocht agus eolas a sholáthar do ghrúpaí pobalbhunaithe, ina measc grúpaí atá ag plé le forbairt Líonraí Gaeilge agus le bailte seirbhíse Gaeltachta.</p> <p>Forbairt na fiontraíochta sa chomhphobal Gaeilge ag leibhéal áitiúil a spreagadh agus tacaíocht a thabhairt do ghrúpaí ar mian leo gnó a riar tríd an nGaeilge. – Tús a chur le scéim tacaíochta do ghnónna úra Gaeilge.</p> <p>Comhairle, tacaíocht agus eolas a chur ar fáil sa dá dhlínse agus ag leibhéal an phobail logánta do theaghlaigh atá ag iarraidh teaghlach a thógáil le Gaeilge.</p> <p>Forbairt bhreise a dhéanamh ar an scéim ‘Céimeanna’</p>

<p>(AR LEAN)</p> <p>1.1 Deiseanna úsáide a chruthú le pobail labhartha Gaeilge, pobail na Gaeltachta san áireamh, a chumasú le húsáid a bhaint as an nGaeilge, léitheoireacht na Gaeilge ina measc.</p>	<p>Oireachtas na Gaeilge</p> <ul style="list-style-type: none"> • A dheimhniú go soláthraítear deiseanna úsáidte na Gaeilge trí na tosaíochtaí seo a leanas a aontú le hOireachtas na Gaeilge: R1 – R4 <ul style="list-style-type: none"> ○ Clár gníomhaíochtaí comhaontaithe a thacaíonn le húsáid na Gaeilge agus le bunú gréasán ar bhonn náisiúnta agus réigiúnach ○ Cur le líon na ngréasán úsáidte Gaeilge sa dá dhlínse, bunaithe ar chur chuige straitéiseach ○ Stocaireacht thar ceann phobal na Gaeilge a dhéanamh le húdaráis stáit agus le húdaráis eile i raon leathan de shiamsaíocht a chuimseoidh spéiseanna leathana caithimh aimsire an mhórphobail ○ Ullmhúchán le haghaidh Ceithre Oireachtas Cúige Fíorúil <p>Cumann na bhFiann</p> <ul style="list-style-type: none"> • A dheimhniú go soláthraítear deiseanna úsáidte na Gaeilge do dhaoine óga trí na tosaíochtaí seo a leanas a aontú le Cumann na bhFiann: R1 – R4 <ul style="list-style-type: none"> ○ Imeachtaí a chur ar fáil do dhaoine óga a thabharfaidh deis dóibh Gaeilge a labhairt agus gréasán Gaeilge a bhunú agus a bhuanú, mar shampla Tóstal na bhFiann, Scléip na hÓige agus Carnabhal na nGaelscoileanna. ○ Straitéis a chur i bhfeidhm maidir le bunú gréasáin úsáidte Gaeilge, i gcomhair le heagraíochtaí eile agus le páirtithe eile pobalbhunaithe. ○ Ardú feasachta agus béim ar leith a chur ar bhunú clubanna sna líonraí agus sna bailte seirbhíse Gaeltachta ○ Plásóg súgartha le haghaidh tuismitheoirí agus páistí a fhorbairt
<p>(AR LEAN)</p>	<p>Eile</p> <ul style="list-style-type: none"> • Forbairt, faomhadh, cur i bhfeidhm agus riaradh ar phleananna teanga ag Ceanneagraíochtaí bhailte seirbhíse Gaeltachta (BSG) agus líonraí R1 – R4 • An dara babhta den Scéim Líonraí a reáchtáil le toil na Ranna Coimircíochta • Riar a dhéanamh ar réimse de scéimeanna a chuireann deiseanna úsáidte Gaeilge ar fáil sa

<p>1.1 Deiseanna úsáide a chruthú le pobail labhartha Gaeilge, pobail na Gaeltachta san áireamh, a chumasú le húsáid a bhaint as an nGaeilge, léitheoireacht na Gaeilge ina measc.</p>	<p>phobal:</p> <ul style="list-style-type: none"> ○ An Scéim Pobal Gaeilge ○ An Scéim Raidió Pobail ○ Scéim na gCultúrlann ○ Scéimeanna na meán Gaeilge ○ An Scéim Tacaíochta Gnó <ul style="list-style-type: none"> • Comharba na Scéime Pobal Gaeilge a fhógairt agus a riar R1 – R4 • Maoiniú a chur ar fáil do na Gradaim Foilsitheoireachta. R2 – R4 • Rannpháirtíocht i gcomhchoiste stiúrtha ar fhorbairt straitéise náisiúnta forbartha pobail. R1 – R4 • Maoiniú a chur ar fáil do dheontaithe Scéim Pobal Gaeilge le tacú leo costais reatha agus pá a chlúdach go deireadh 2021, de bharr dhá shíneadh a bheith déanta ar an scéim reatha.
	<p>1.1.8 Saothair ar ardchaighdeán a chur ar fáil don phobal agus do léitheoirí Gaeilge trí na scéimeanna seo a leanas:</p> <ul style="list-style-type: none"> • Scéim na Foilsitheoireachta R1-R4 • Scéim na gCoimisiún R1-R4 • Tionscadal ‘Bosca Leabhar’ le haghaidh scoileanna, i gcomhar le Leabhair Pháistí Éireann/An Chomhairle Ealaíon agus Laureate na nÓg
	<p>1.1.9 Spreagadh agus deiseanna tacaíochta a thabhairt do scríbhneoirí i dtús a ré scríbhneoireachta – comhairle faoina gcuid scríbhinní agus faoi cheird na scríbhneoireachta i gcoitinne a fháil ó scríbhneoirí aitheanta tríd an scéim seo a leanas:</p> <ul style="list-style-type: none"> • An Scéim Meantóireachta R1-R4
	<p>1.1.10 Tionscadal Léitheoireachta a bhunú i bpáirt le <i>Comhar</i> le léitheoireacht na Gaeilge a chothú agus a chur chun cinn go huile-oileánda trí thacaíocht phraiticiúil a chur ar fáil do na páirtithe</p>

	leasmhara, lena n-áirítear léitheoirí agus ábhar léitheoirí; foilsitheoirí; scríbhneoirí; clubanna leabhar; leabharlannaithe; agus léirmheastóirí
1.2. Deiseanna úsáide/cleachta teanga a sholáthar d'fhoghlaimoirí na teanga	1.2.1 Gael Linn <ul style="list-style-type: none"> • A dheimhniú go soláthraítear deiseanna trí thosaíochtaí agus trí thionscadail ar nós na nithe seo a leanas a aontú le Gael Linn R1 – R4: <ul style="list-style-type: none"> ○ Imeachtaí seach-churaclaim a éascú agus a chomhordú chun daltaí scoile agus scoláirí tríú leibhéal a spreagadh le húsáid a bhaint as a gcuid Gaeilge, mar shampla, díospóireachtaí, comórtais chainte poiblí, féilte peile ○ Áiseanna do thuismitheoirí le tógáil ar an sraith 'Gaeilge sa Bhaile'
	1.2.2 Deiseanna léitheoireachta trí Ghaeilge a chothú agus a éascú don phobal trí na scéimeanna seo a leanas: <ul style="list-style-type: none"> • Scéim na dTionscadal Litríochta R1 – R4 • Scéim athbhreithnithe dírithe ar chothú na léitheoireachta trí Ghaeilge don earnáil oideachais agus do ghrúpaí pobail sa dá dhlínse R3 – R4
	1.2.3. Deiseanna léitheoireachta trí Ghaeilge a chothú agus a éascú don phobal trí stocaireacht a dhéanamh maidir le cur chun cinn deiseanna léitheoireachta trí Ghaeilge san earnáil léitheoireachta ar bhonn uile-oileánda R1 – R4.
1.3. Úsáid na Gaeilge mar theanga theaghlaigh a éascú agus a chur chun cinn	1.3.1. Rannpháirtíocht i gcomhchoiste stiúrtha ar fheidhmiú straitéis náisiúnta don Ghaeilge mar theanga chlainne R1 – R4.

MÓRCHUSPÓIR CORPARAIDEACH 2: foghlaim agus daingniú na Gaeilge a neartú	
Eochairchuspóirí	Torthaí Inmhianaithe
2.1 Treoir agus comhairle a thabhairt do na forais chúí	2.1.1 Comhairle a sholáthar don RO i leith chaighdeán na Gaeilge, polasaí don Ghaeloideachas, Foghlaim Chomhtháite Ábhar agus Teangacha (FCÁT) agus oiliúint tosaigh múinteoirí bunskoile le súil is go bhforbrófaí próiseas athraithe.
	2.1.2 Comhairle a sholáthar don Roinn Oideachais i ndlínse an Fheidhmeannais maidir le teagasc na Gaeilge agus ceist na Gaelscolaíochta.
	2.1.3 Comhairle a sholáthar don Roinn TCEGSM maidir le Straitéis do na hEalaíona Teangabhunaithe <ul style="list-style-type: none"> Le linn 2021 beidh Foras na Gaeilge ag glacadh páirt ghníomhach ar choiste na Roinne d'fhonn Straitéis Náisiúnta d'Ealaíona Teangabhunaithe na Gaeilge a fhorbairt agus a chur chun cinn
	2.1.4 Comhairle a sholáthar d'Údarás Craolacháin na hÉireann maidir le soláthar don Ghaeilge ar na meáin chraolta.
2.2 Tacú le teagasc, forbairt agus foghlaim na Gaeilge ag na leibhéil éagsúla trí áiseanna agus acmhainní a chur ar fáil	2.2.1 <ul style="list-style-type: none"> Scéim Scoláireachtaí Gaeltachta: maoiniú a chur ar fáil faoin scéim a chuirfidh ar chumas na n-eagraíochtaí rathúla scoláireachtaí a chur ar fáil do dhaoine óga agus daoine fásta. Áiseanna le tacú le cur chun na Gaeilge a chur ar fáil do scoileanna
	2.2.2. Séideán Sí <ul style="list-style-type: none"> Dhá leabhar saothair le foilsiú ar líne R2 Obair ar an aip a chur i gcrích agus an aip a chur ar fáil ar na hardáin dhigiteacha R2 Ceithre shaothar ficsin do Rang 3 –6 a fhoilsiú R4 Taifeadadh labhartha ar leabhair Shéideán Sí – R4

<p>(AR LEAN)</p> <p>2.2 Tacú le teagasc, forbairt agus foghlaim na Gaeilge ag na leibhéil éagsúla trí áiseanna agus acmhainní a chur ar fáil</p>	<p>Áiseanna bunscoile</p> <ul style="list-style-type: none"> • Féach Thart Rang 6: Eolaíocht: sleamhnáin agus caibidlí ón leabhar saothair a fhoilsiú ar líne R4 • Atlas Bunscoile: tosú ar eagrán nua a réiteach R3 • Líon an Dúlra: eagrán a fhoilsiú in aghaidh na ráithe R1 – R4 • Athchlónna de réir mar a bheidh ag teastáil R1 – R4 • Dhá bhunleabhar léitheoireachta do rang 1-3 R4 • Dhá chomheagrán de leabhair eolais a réiteach R4
	<p>Áiseanna iar-bhunscoile</p> <ul style="list-style-type: none"> • An téacsleabhar Adhmadóireachta a thabhairt chun críche R4 • Téacsleabhar Foirgníochta: sé chaibidil sa bhreis crochta ar an suíomh R4 • Téacsleabhar Mata (Ardteist): sé chaibidil a chur ar fáil ar líne R4 • Aistriúchán ar <i>Adventura de Said</i> curtha i gcló R4 • Téacsleabhar ealaíne: fuilleach na gcaibidlí a fhoilsiú ar líne R2 • Leagan úr de <i>An Trial</i>
	<p>2.2.3 An tÁisaonad</p> <p>Na tosaíochtaí seo a leanas a aontú le Coláiste Ollscoile Naomh Muire le haghaidh an Áisaonaid chun áiseanna a sholáthar d’earnáil na Gaelscolaíochta R1 – R4</p> <ul style="list-style-type: none"> • Soláthar iar-bhunoideachais – an t-ardán www.aiseolas.com a forbairt • Cluichí teanga – leabhráin de nótaí múinteora a ullmhú le bheith ag tacú leis na múinteoirí leis na cluichí teanga a úsáid ar an mbealach is éifeachtaí • Athchlónna ar théacsleabhair atá as stoc agus a bhfuil ard-éileamh orthu <p>2.2.4 Deiseanna scríbhneoireachta agus léitheoireachta trí Ghaeilge a chothú do pháistí scoile tríd an scéim seo a leanas:</p> <ul style="list-style-type: none"> • Scríobh Leabhar R1 – R4

	<p>2.2.5 An fhoclóireacht a fhorbairt</p> <ul style="list-style-type: none"> • 1. Nuashonrú agus forbairt ar shuíomhanna agus aipeanna foclóir.ie & teanglann.ie • 2. Cur leis na comhaid ghramadaí agus fuaimne atá le foclóir.ie agus teanglann.ie • 3. Bonn a chur faoi na foclóirí nua GG/GB (tús le creataí Gaeilge) • 4. Luacháil agus measúnú ar thionscadail agus táirgí foclóireachta Fhoras na Gaeilge • 5. Poiblíocht ar CEID agus ar thionscadail eile foclóireachta • 6. Breisiú agus forbairt bhreise ar na corpais a bhaineann leis na tionscadail foclóireachta
<p>2.3 Tacú le hoiliúint agus forbairt an dea-chleachtais i measc lucht teagaisc na Gaeilge, agus i measc múinteoirí bunscoile i gcóras mheán an Bhéarla</p>	<p>2.3.1 Ionadaíocht ar an gComhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta agus ar an gComhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta.</p>
	<p>2.3.2 Sraith cruinnithe comhairle leis an Roinn Oideachais.</p>
	<p>2.3.3 Gradaim aitheantais, Gaelbhreatach, d'úsáid na Gaeilge a bheith bronnta ar 50 scoil (sa dá leibhéal) in 2020: R2.</p>
	<p>2.3.4 Na tosaíochtaí seo a leanas a aontú le Gaeloideachas: R1 – R4</p> <ul style="list-style-type: none"> • Réimse na luathbhlianta – comhoibriú leis an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige agus leis an bheirt speisialtóir luathbhlianta nua-cheaptha i réimse forbairt ghairmiúil múinteoirí naíonraí agus dearbhú caighdeán sa soláthar tumoideachais • Riachtanais speisialta oideachais – comhairliúchán agus anailís déanta le scoileanna maidir le riachtanais speisialta oideachais (RSO) agus cleachtais a roinnt • Naíonraí/scoileanna nua – comhoibriú le coistí agus le Conradh na Gaeilge faoi fhéidearthachtaí maidir le naíonraí agus scoileanna nua a bhunú • Leabhrán ar an uathachas a oiriúnú/aistriú agus a chló i gcomhar le AslAm
	<p>2.3.5 Gael Linn</p> <ul style="list-style-type: none"> • A dheimhniú go gcuirfear tacaíocht ar fáil don oiliúint agus d'fhorbairt an dea-chleachtais sna córais oideachais trí thosaíochtaí agus trí thionscadail a aontú le Gael Linn: R1 – R4

	<ul style="list-style-type: none">• Tacaíocht a chur ar fáil do choistí An Gréasán (do mhúinteoirí Gaeilge)• Comhoibriú le múinteoirí agus páirtithe leasmhara i ndlínse an Fheidhmeannais le líon na scoileanna a bhfuil an Ghaeilge ar fáil mar ábhar scoile iontu a ardú
--	--

MÓRCHUSPÓIR CORPARAIDEACH 3: fónamh do leas na Gaeilge sa tsochaí trí chéile trí mheán an tionchair agus na comhairle	
Eochairchuspóirí	Torthaí Inmhianaithe
3.1. Ról aitheanta comhairle bainte amach ag Foras na Gaeilge san earnáil phoiblí, go háirithe i réimse an oideachais, agus i réimse na n-údarás áitiúil	3.1.1 Comhairle a thabhairt don na ranna oideachais agus an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige faoi cheisteanna a bhaineann le cúrsaí oideachais agus óige.
	3.1.2 Sraith de chruinnithe le lucht ardbhainistíochta sna húdaráis áitiúla a bhfuil baile seirbhíse Gaeltachta nó líonra Gaeilge ina gceantar ionas go bhfuil gach tacaíocht ar fáil do na Ceanneagraíochtaí atá ag cur pleananna teanga i bhfeidhm R1 – R4.
	3.1.3 Cur i láthair a dhéanamh do chomhairleoirí nuathofa na gcomhairlí a bhfuil baile seirbhíse Gaeltachta nó líonra Gaeilge ina gceantar. R2/R3
	3.1.4 Cruinnithe a eagrú i gcomhar le hÚdarás na Gaeltachta le príomhfheidhmeannaigh na n-údarás áitiúil R2-R4.
	3.1.5. An téarmaíocht a fhorbairt <ul style="list-style-type: none"> • Nuashonrú agus forbairt ar shuíomh an Choiste Téarmaíochta, téarma.ie • Cur le líon na dtéarmaí faofa • Feidhmiú an Choiste Téarmaíochta a chinntiú agus deich gcruinniú a reáchtáil le linn 2021 • Réimsí nua téarmaí a mholadh agus a fhaomhadh • Forbairt a dhéanamh ar naisc idirnáisiúnta le húdaráis téarmaíochta, go háirithe i dtaca leis an dea-chleachtas sa téarmeolaíocht • Tús a chur le taighde ar chorpais comhaimseartha a úsáid chun bonnlínte a bhunú don mheasúnú ar fheidhmíocht

<p>3.2. Straitéisí forbartha le tuiscint polaitoirí ar cheist na Gaeilge a mhéadú</p>	<p>3.2.1 Na tosaíochtaí seo a leanas a aontú le Conradh na Gaeilge, mar Cheanneagraíocht atá freagrach as ionadaíocht agus abhcóideacht:</p> <ul style="list-style-type: none"> • Ionadaíocht thar ceann phobal na Gaeilge a dhéanamh sa dá dhlínse agus ar bhonn idirnáisiúnta, ar fhóirim éagsúla chuí atá tábhachtach do chur chun cinn na Gaeilge • Anailís agus monatóireacht a dhéanamh ar fhorbairt reachtaíochta reatha agus reachtaíocht nua molta sa dá dhlínse i dtaca leis an Ghaeilge de, i ndlúthchomhar leis na comhpháirtithe eile ar an bhFóram Comhpháirtíochta agus taobh amuigh de • Feachtais spriocdhírthe ar leith a eagrú agus a stiúradh go tráthúil de réir mar is gá leis an nGaeilge a chosaint ar ghníomhartha a dhéanfadh a haimhleas nó chun aird a dhíriú ar ghnéithe ar leith den Ghaeilge a d'fhéadfadh a bheith faoi ionsaí ó am go chéile
	<p>3.2.2 Sraith de chruinnithe idir lucht na hardbhainistíochta agus ceannairí polaitiúla agus le hurlabhraithe Gaeilge agus oideachais na bpáirtithe polaitiúla R1 – R4.</p>
<p>3.3. Comhpháirtíocht maidir le húsáid na Gaeilge a aontú le heagraíochtaí i réimsí an spóirt, an chultúir, an ghnó agus na hóige</p>	<p>3.3.1 Maoiniú curtha ar fáil do phost Oifigigh Forbartha Gaeilge le Comhairle Uladh (CLG).</p>
	<p>3.3.2</p> <ul style="list-style-type: none"> • Deiseanna a thapú maidir le tionscadail chomhpháirtíochta agus urraíochta le páirtithe leasmhara R1 – R4. • Tionscadail chomhpháirtíochta éagsúla (larsmalanna, leabharlanna, aipeanna, agus eagraíochtaí Gaeloideachais)
	<p>3.3.3 An comórtas amhrán Gaeilge don óige, BEO, a réachtáil i gcomhar le hOireachtas na Gaeilge R1 – R4.</p>
	<p>3.3.4 Comhchruinniú Boird a eagrú i gcomhar le hÚdarás an Gaeltachta – R4.</p>

<p>(AR LEAN)</p> <p>3.3. Comhpháirtíocht maidir le húsáid na Gaeilge a aontú le heagraíochtaí i réimsí an spóirt, an chultúir, an ghnó agus na hóige</p>	3.3.5 Riar ar iarratais a fhaightear tríd an Scéim Tacaíochta Gnó R1 – R4.
	3.3.6 Riar ar an gcóras creidiúnaithe Q-Mharc Gnó le Gaeilge R1 – R4.
	3.3.7 Acmhainní tacaíochta don earnáil ghnó a sheachadadh. R1 – R4.
	3.3.8 Tacaíocht a chur ar fáil d'earnáil an aistriúcháin agus cur le gairmiúlacht na hearnála tríd an gCóras Creidiúnaithe d'Aistritheoirí.

MÓRCHUSPÓIR CORPARÁIDEACH 4: tuiscint agus feacht ar an nGaeilge a mhéadú i measc an phobail i gcéin agus i gcógar	
Eochairchuspóirí	Torthaí Inmhianaithe
4.1. Méadú ar thuiscint agus feacht ar áit na Gaeilge sa saol agus sa tsochaí – fostaíocht, cúrsaí sóisialta, spóirt agus teaghlaigh	<p>4.1.1 A dheimhniú go n-eagrófar deiseanna ardaithe feachta, ionadaíochta agus cosanta teanga don Ghaeilge ag gach leibhéal trí na tosaíochtaí seo a leanas a aontú le Conradh na Gaeilge: R1 – R4</p> <ul style="list-style-type: none"> • Clár comhaontaithe d'fheachtais agus imeachtaí ardaithe feachta a phleanáil agus a sheachadadh • Clár comhaontaithe d'fheachtais agus gníomhaíochtaí a bhaineann le cosaint teanga a phleanáil agus a sheachadadh • Clár comhaontaithe atá dírithe ar ghníomhaíochtaí ionadaíochta • Forbairtí breise ar an suíomh idirlín
	<p>4.1.2 Méadú ar thuiscint agus feacht ar áit na Gaeilge go hidirnáisiúnta trí scéimeanna éagsúla chlár Cholmille a rith:</p> <ul style="list-style-type: none"> • Scéim na Sparánachtaí 2021 – le deiseanna a chur ar fáil don phobal a chuid scileanna i nGaeilge na hAlban a fhorbairt. R1 – R4 • Scéim Miondeontas Cholmille 2021 – le comhpháirtíocht a fhorbairt agus tionscadail a phleanáil le deiseanna a chur ar fáil cainteoirí Ghaeilge na hÉireann agus na hAlban a thabhairt le chéile. R1 – R4 • Scéim Deontas Cholmille 2021 – deiseanna a chur ar fáil cainteoirí Ghaeilge na hÉireann agus na hAlban a thabhairt le chéile. R1 – R4
	<p>4.1.3 Ceiliúradh #Colmille1500 a riar i gcomhar le Bord na Gàidhlig le breith Cholmille a chomóradh R1 – R4 R1 – R4.</p>

<p>(AR LEAN)</p> <p>4.1. Méadú ar thuiscint agus feasacht ar áit na Gaeilge sa saol agus sa tsochaí – fostaíocht, cúrsaí sóisialta, spóirt agus teaghlaigh</p>	<p>4.1.4 Feachtais á riar ar bhonn leanúnach ag tacú le tionscadail agus teachtaireachtaí de chuid Fhoras na Gaeilge de réir na gclár ama a bhaineann leo R1 – R4</p> <p>4.1.5 Ionadaíocht ag Foras na Gaeilge ag mórócáidí a ardaíonn feasacht faoin nGaeilge R1 – R4</p> <p>4.1.6 An buntáiste a bhaineann leis an nGaeilge agus an dátheangachas léirithe do dhaoine óga tríd an bhfeachtas Do Ghairm le Gaeilge i gcomhar le gradireland R1 – R4.</p> <p>4.1.7 Deiseanna a thapú le tionscadail chomhpháirtíochta agus urraíochta a réachtáil le páirtithe leasmhara R1 – R4.</p> <p>4.1.8 Riar ar an togra Turas le Misean Oirthear Bhéal Feirste R1 – R4.</p>
<p>4.2. Tuiscint agus feasacht ar dheiseanna úsáide na teanga méadaithe</p>	<p>I dtaca leis an réimse oibre seo, ní mór a nótáil go bhfuil mórchuspóirí ábhartha Ghlór na nGael, Oireachtas na Gaeilge agus Chumann na bhFiann, luaite faoi 1.1.7 thuas.</p> <p>4.2.1 Straitéis maidir leis na meáin shóisialta a chur i bhfeidhm le poiblíocht a dhéanamh ar thionscadail Fhoras na Gaeilge agus ar an nGaeilge R1 – R4.</p>
	<p>4.2.2 Líon reatha na gcuariteoirí uathúla ar shuíomhanna gréasáin Fhoras na Gaeilge a mhéadú le linn na bliana R1 – R4.</p>
<p>4.3. Tuiscint agus feasacht méadaithe sna meáin Bhéarla maidir le</p>	<p>4.3.1 A dheimhniú go mbainfear clúdach agus láithreach amach sna meáin Bhéarla faoin nGaeilge idir na meáin chlóite, chraolta agus sóisialta R1 – R4.</p>

gnéithe éagsúla den Ghaeilge	4.3.2 Straitéis d'úsáid na meán sóisialta i bhfeidhm agus struchtúr inmheánach i bhfeidhm le teachtaireachtaí Fhoras na Gaeilge a chraobhscaoileadh R1 – R4.
4.4. Straitéisí curtha i bhfeidhm chun tuiscint ar cheist na Gaeilge a mhéadú i measc lucht ceannais na hearnála poiblí agus stáit	4.4.1 Cruinnithe a eagrú le hairí i Rialtas na hÉireann i réimsí an oideachais, na hóige, an chraolacháin agus na n-údarás áitiúil.
	4.4.2 Cruinnithe a eagrú le státseirbhísigh shinsearacha sa Roinn Oideachais i ndlínse an Fheidhmeannais.
	<p>4.4.3. Tacaíocht a chur ar fáil don earnáil phoiblí trí na tionscnaimh seo a leanas:</p> <ul style="list-style-type: none"> • Na tosaíochtaí seo a leanas a aontú le Gaelchultúr trí Scéim do Sholáthróirí Sainchúrsaí. R1 – R4 <ul style="list-style-type: none"> ○ Sainoiliúint a chur ar fáil don earnáil phoiblí sa dá dhlínse, agus cáilíochtaí (FETAC) (HETAC) (NQV) a chur ar fáil d'fhoghlaimoirí a thugann faoin oiliúint. ○ Cúrsaí a chur ar fáil ar bhonn cianfhoghlama agus ag láthair na bhfoghlaimoirí. ○ Oiliúint trí Ghaeilge a chur ar fáil do chomhlachtaí a bhíonn ag cur cúrsaí teicniúla/gairmiúla ar fáil cheana féin trí mheán an Bhéarla (i.e. rialú corparáideach, acmhainní daonna, cuntasáíocht etc.).
	<p>4.4.4 Scéim na nOifigeach Gaeilge -R4</p> <ul style="list-style-type: none"> • Athbhreithniú ar Scéim na nOifigeach Gaeilge i ndlínse an Fheidhmeannais R1 • Scéim 2022 – 2025 a fhógairt R44
	4.4.5 Maoiniú a chur ar fáil don líne chabhrach. R1-R4.
	4.4.6 Maoiniú a chur ar fáil chun Cumann na nOifigeach Gaeilge a chumasú agus a fhorbairt i ndlínse Rialtas na hÉireann. R1-R4

<p>4.5. Straitéisí forbartha le tuiscint a mhéadú ar cheist na Gaeilge i measc lucht ceannais na bhforas cultúir [ach cúinsí COVID-19 curtha san áireamh, ar ndoigh]</p>	<p>4.5.1 Cruinnithe ardleibhéil a eagrú leis na heagraíochtaí seo a leanas: R1 – R4</p> <ul style="list-style-type: none"> • An Leabharlann Náisiúnta • Leabharlann Chester Beatty • Áras Nua-Ealaíne na hÉireann • Amharclann na Mainistreach • An Chartlann Náisiúnta • Áiléar Crawford • Ard-Mhúsaem na hÉireann • Gailearaí Náisiúnta na hÉireann • An Ceoláras Náisiúnta • An Chomhairle Oidhreachta
	<p>4.5.2 Cruinnithe ardleibhéil a eagrú leis na heagraíochtaí seo a leanas R1 – R4:</p> <ul style="list-style-type: none"> • RTÉ • CLG • An Chomhairle Ealaíon • Comhairle Ealaíon Thuaisceart Éireann • Gaillimh 2020 • Cumann Pheil na mBan • Údarás Craolacháin na hÉireann • Comhaltas Ceoltóirí Éireann

MÓRCHUSPÓIR CORPARÁIDEACH 5: seirbhísí corparáideacha (airgeadas, acmhainní daonna, pleanáil eagraíochtúil, taighde agus teicneolaíocht na faisnéise) a chur ar fáil d’Fhoras na Gaeilge a chinnteoidh feidhmiú éifeachtach na heagraíochta agus cur i gcrích éifeachtach a cláir oibre	
Eochairchuspóirí	Torthaí Inmhianaithe
5.1. Seirbhís éifeachtach airgeadais agus rialachais chorparáidigh a chinnteoidh go mbeidh ár gcaiteachas éifeachtach agus trédhearcach	5.1.1 Córais agus feidhmeanna airgeadais agus corparáideacha uile na heagraíochtaí a riar faoi réir an Mheamraim Airgeadais ar bhealach éifeachtach, cuntasach, trédhearcach i dtaca le buiséadú, riar sciaranna, íocaíochtaí uile na heagraíochta, tuairisciú, - monatóireacht leanúnach a dhéanamh orthu agus forbairtí cuí a dhéanamh.
	5.1.2 Córas ar líne <ul style="list-style-type: none"> • Córas nua bunaithe le plé le hiarratais ar líne do scéimeanna de chuid Fhoras na Gaeilge – ag súil le gach scéim a fhógairt ar líne de réir mar a thagann siad chun cinn le linn 2021. • Na himpleachtaí airgeadais, próiseála, aisghabhála sonraí, tuairiscithe, iniúchta agus araile a eascraíonn as an gcóras ar líne a bheith aitheanta agus leasuithe dá réir curtha i bhfeidhm leis an leas is fearr a bhaint as an gcóras agus próisis a bhaineann leis an Stiúirthóireacht Seirbhísí Corparáideacha a bheith sruthlínithe ar bhealach atá in oiriúint dó.
	5.1.3 A chinntiú go ndéantar buiséid Fhoras na Gaeilge a chaitheamh go héifeachtach de réir riachtanais Phlean Gnó 2020, agus go gcoinnítear tearc-chaiteachas faoi bhun 1% den ollbhuiséad. R1 – R4
5.2. Seirbhís acmhainní daonna a sholáthar a thugann tacaíocht agus comhairle do bhaill foirne aonair	5.2.1 Faireachán leanúnach á dhéanamh ar reachtaíocht agus teoracha ábhartha i réimse na n-acmhainní daonna. Déanfar faireachán ar leith ar an gcomhairle agus na rialacháin maidir le Covid-19 sa dá dhlínse agus socruithe dá réir a fhorbairt agus a fheidhmiú trasna na

<p>Fhoras na Gaeilge agus don chóras bainistíochta a chinnteoidh leas ár mbaill foirne agus a bhforbairt ghairmiúil le spriocanna eagraíochtúla a bhaint amach</p>	<p>réimsí uile a bhaineann le hacmhainní daonna.</p>
<p>(AR LEAN)</p> <p>5.2. Seirbhís acmhainní daonna a sholáthar a thugann tacaíocht agus comhairle do bhaill foirne aonair Fhoras na Gaeilge agus don chóras bainistíochta a chinnteoidh leas ár mbaill foirne agus a bhforbairt ghairmiúil le spriocanna eagraíochtúla a bhaint amach</p>	<p>5.2.2 Próiseas ionductaithe a fhorbairt agus a fheidmiú R2.</p> <p>5.2.3 Straitéis oiliúna nua a fhorbairt R3/R4.</p> <p>5.2.4 Feidhm earcaíochta a sholáthar agus faireachán a dhéanamh ar raon polasaithe i réimse na hearcaíochta (e.g. athbhreithniú ar Chód Earcaíochta an Fhorais Teanga).</p> <p>5.2.5 Faireachán agus coigeartuithe leanúnacha fíor-ama a chur i bhfeidhm maidir le cúrsaí pá agus pinsin agus na dualgais reachtúla agus eile atá ábhartha leo a chomhlíonadh.</p> <p>5.2.6 Tacú leis an gcomhtháthú foirne agus eagraíochtúil trí dhá ollchruinniú foirne, dhá chruinniú den Choiste Comhpháirtíochta agus trí chruinnithe a eagrú in ionaid éagsúla ag gach leibhéal R1 – R4.</p> <p>5.2.7 Córas bainistithe feidhmíochta agus forbartha foirne a fheidmiú agus oiliúint a chur ar fáil don fhoireann R1 – R4.</p> <p>5.2.8 Socruithe oibríochtúla solúbthachta a chur i bhfeidhm, faoi réir chomhaontuithe tionsclaíocha sa dá dhlínse, chun freastal ar riachtanais sláinte poiblí, agus riachtanais seirbhíse agus díriú ar réimsí faoi bhrú san eagrais R1 – R4.</p> <p>5.2.9 Poibliú a dhéanamh i measc na foirne ar dheiseanna foghlama agus oiliúna R1 – R4.</p>

<p>5.3. Seirbhís sa phleanáil gnó (1bl) agus chorparáideach (3bl) a bheith curtha ar fáil faoi réir na dtreoracha cuí ar bhealach a ligfidh dúinn ár gcuid pleananna a chur i láthair an phobail agus na rialtas de réir dea-chleachtais</p>	<p>5.3.1 Monatóireacht a dhéanamh ar fhaomhadh Phleananna Gnó agus ar Phleananna Corparáideacha mura mbeidh siad faofa faoi thús 2021.</p>
	<p>5.3.2 Monatóireacht a dhéanamh ar fheidmiú PG2021 agus PC2020 – 2022 agus tuairisciú dá réir don Bhord agus do na Ranna Coimircíochta.</p>
	<p>5.3.3 PG2022 a fhorbairt faoi réir na treorach a chuirfear ar fáil.</p>
	<p>5.3.4 <i>Treo straitéiseach</i> chúig bliana Fhoras na Gaeilge don todhchaí a sheoladh le faomhadh an Bhoird.</p>
	<p>5.3.5 Tuarascálacha bliantúla & cuntais a chur ar fáil go tráthúil le comhoibriú na bpáirtithe leasmhara eile.</p>
	<p>5.3.6 Tuarascálacha bliantúla & cuntais a chur faoi bhráid thithe na rialtas agus a fhoilsiú de réir na socruithe cuí sa dá dhlínse le comhoibriú na bpáirtithe leasmhara eile.</p>
<p>5.4. Taighde a dhéanamh a thabharfaidh léargas ar éifeachtacht ár scéimeanna, ár gclár oibre agus ár dtionscadal</p>	<p>5.4.1 Deiseanna forbartha maidir le scríobh, foilsiú agus léamh leabhair Ghaeilge a aithint trí athbhreithniú rialta a dhéanamh ar scéimeanna Chlár na Leabhar Gaeilge:</p> <ul style="list-style-type: none"> • Athbhreithniú ar Scéim na Foilsitheoireachta: Próiseas Comhairliúcháin (R1-R4) • Athbhreithniú ar an scéim Ócáidí i Leabharlanna i gcomhthéacs chothú na léitheoireachta trí Ghaeilge don earnáil oideachais agus do ghrúpaí pobail sa dá dhlínse (R1-R2)

	<p>5.4.2 Tuairiscí Deireanacha</p> <ul style="list-style-type: none"> • Tuairiscí deireadh tionscadail a scríobh ar thionscadail nó ar bhabhtaí de scéimeanna nó tionscadail mar is cuí. • Luacháil a dhéanamh ar ghnéithe éagsúla den Chur Chuige Comhpháirtíochta: <ul style="list-style-type: none"> ○ Luach ar Airgead ○ Feidhmeanna agus Réimsí ○ Tionchar ar fhorbairt na Gaeilge sa phobal ○ Feidhmíocht na gCeanneagraíochta ○ Éifeachtacht na comhpháirtíochta <p>5.4.3 Taighde agus plean meántéarmach a dhréachtú in 2020 le suirbhé a dhéanamh in 2021 nó 2022 ar mheon nó cumas nó úsáid na Gaeilge i measc an phobail a bhainfeadh an leas is fearr as na sonraí sna daonáirimh sa dá dhlínse in 2021</p> <p>5.4.4 Taighde a choimisiúnú ar úsáid áiseanna sna hiarbhunscoileanna</p> <p>5.4.5 Taighde a choimisiúnú ar nuachaintoirí sna 5 líonra agus i mBaile Seirbhíse Gaeltachta amháin.</p>
<p>5.5 Riar éifeachtúil a dhéanamh ar infrastruchtúr teicniúil na heagraíochta</p>	<p>5.5.1 Ríomhphost a chur sa néal – bogearraí úra a thabhairt isteach sa réimse seo le tacú leis an gcianobair.</p> <p>5.5.2 Plé leis na gnéithe teicniúla den chóras deontais ar líne atá luaite in 5.1.1 thuas.</p> <p>5.5.3 Anailís ar chaiteachas sa réimse seo agus dréachtstraitéis dhigiteach a ullmhú don eagraíocht sa chomhthéacs sin.</p>

Nóta a bhaineann leis an leagan seo atá foilsithe ar shuíomh Fhoras na Gaeilge:

*D'fhéadfadh an t-eolas airgeadúil a bhaineann leis an bplean seo athrú
de bharr cinntí de chuid na Comhairle Aireachta Thuaidh / Theas.*